

Ábhar

Teacht go dtí an Coláiste

Mír Éisteachta

An Dr Máirín Nic Eoin ag caint faoin gcomhairle a chuireann sí ar mhic léinn na chéad bhliana.

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.**



Ag Teach go dtí an Coláiste

Beidh tú ag éisteacht le Máirín Nic Eoin, Ceann Roinne ar Roinn na Gaeilge i gColáiste Phádraig, Droim Conrach ag caint faoin gcomhairle a chuireann sí ag tús na chéad bhliana ar mhic léinn a bhíonn ag tabhairt faoin nGaeilge.

Mar eolas: I gColáiste Phádraig, is féidir le mac léinn B.Oid. an Ghaeilge a roghnú mar ábhar acadúil céime (an Ghaeilge Acadúil). Mura roghnaíonn mac léinn B.Oid. an Ghaeilge mar ábhar acadúil, áfach, bíonn air/uirthi cúrsa gairmiúil Gaeilge a dhéanamh (an Ghaeilge Ghairmiúil).

Réamhphlé

Sula n-éisteannt tú leis an mír, bí ag obair leis an duine in aice leat chun na ceisteanna seo a leanas a phlé:

1. Cad iad na ceisteanna a bhí agaibhse agus sibh ag tosú an chúrsa seo? Cad iad na rudaí a bhí ag déanamh inní / buartha daoibh?
2. An bhfuil difear mór idir an rud a shamhlaigh sibh leis an gcúrsa agus an rud atá ar siúl?
3. An dóigh libh go raibh go leor eolais agaibh faoi bhur gcúrsaí sular thug sibh fúthu?
4. Cad iad na slite a bhfuair sibh eolas faoi bhur gcúrsaí sular thosaigh sibh sa Choláiste?

Éisteacht

Anois éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo a leanas le linn na héisteachta:

Scríobh an méid is féidir leat de na ceisteanna a chuireann na mic léinn ar Mháirín Nic Eoin agus an méid is féidir leat de na pointí comhairle a luann sí. Ansin cuir an méid atá scríofa agat i gcomparáid leis an méid a scríobh do pháirtí.

Feasacht Teanga

(a)

Abraigí cé acu an bhfuil na focail seo a leanas firinsneach nó baininsneach: ollscoil, coláiste, Ardteist, meánscoil, bliain, cúrsa, Gaeilge. Conas a bhíonn a fhios agat? Cad is fiú fios a bheith agat faoi inscne focail? Dá mbeifeá le foclóir a cheadú chun a fháil amach an bhfuil focal firinsneach nó baininsneach cad é an t-eolas a chuardófá?

Anois scríobh amach na frásaí thíos ina n-iomláine. Tá siad go léir le cloisteáil sa tuairisc. I ngach cás, pléigh féin agus an duine in aice leat an patrún / riail atá i gceist.

saol + an ollscoil	_____
saol + an coláiste	_____
saol + an Ardteist	_____
saol + an mheánscoil	_____
tús + an bhliain	_____
caighdeán + an cúrsa	_____
ag déanamh + an Ghaeilge	_____

(b)

cúpla bliain

Cuir Gaeilge ar na frásaí seo: *a few people, a few things, a few essays, how many people? a few projects, how many girls? how many places?*

(c)

an rud is suimiúla

Pléigh an patrún a bhaineann leis an bhfrása thuas agus bain amach na lúibíní thíos:

- an rud is (áisiúil)
- an rud is (aisteach)
- an rud is (tábhachtach)
- an rud is (iontach)
- an rud is (dearfach)
- an rud is (olc)
- an rud is (deas)
- an rud is (maith)

(d)

Cuir Gaeilge ar na frásaí seo a leanas:

I have good Irish, my Irish isn't great, my main problem is grammar, I find spoken Irish difficult, she's fluent in Irish, she's a native speaker.

Cad é an difear idir 'ó dhúchas' agus 'dúchais'?

(e)

Athraigh 'má' go 'dá' sa sliocht thíos as an téipscript.

'...má fhreastalaíonn siad go rialta agus go coinsiasach ar na léachtaí agus má dhéanann siad an obair a iarrann an léachtóir orthu a dhéanamh, má léann siad na píosaí atá le léamh, agus má éisteann siad leis na píosaí a n-iarrtar orthu a bheith ag éisteacht leo...'

Iarobair: Plé

1. An raibh deis agat féin bualadh leis na Cinn Roinne i do chuid ábhar chun ceist a chur orthu faoin gcúrsa? An maith an smaoineamh a leithéid a dhéanamh, dar leat? Cad iad na ceisteanna a chuir tú / a chuirfeá orthu dá mbeadh an deis agat?
2. ‘...téann siad i dtaithe go héasca ar shaol an Choláiste...’ – an bhfuil tusa ag dul i dtaithe go héasca ar shaol an Choláiste nó an síleann tú go bhfuil sé dúshlánach? An bhfuil sé difriúil leis an méid a raibh tú ag súil leis?
3. ‘...go bhfeictear dom go mbíonn easpa muiníne ar na mic léinn – cé go bhfuil Gaeilge mhaith acu ní bhíonn siad chomh muiníneach sin as an méid atá acu...’ An bhfuil seo fíor fútsa?
4. ‘...go bhfuil saol na hOllscoile, saol an Choláiste anseo, difriúil le saol na hArdteiste, le saol na meánscoile, sa mhéid go gcaithfidh siad féin a bheith freagrach as a gcuid foghlama...’. Cad é an tuairim atá agat faoin ráiteas sin?

Iarobair: Tascanna

Ag cur comhairle

Cuireann Máirín Nic Eoin comhairle ar mhic léinn atá ag tabhairt faoin gcúrsa Gaeilge. Pléigh leis an duine in aice leat cad iad na slite inar féidir comhairle a chur i nGaeilge – smaoinigh ar an leagan Gaeilge den fhrása *if I were you I'd...*

Beidh tú ag obair i ngrúpa de cheathrar. Cuirfidh péire amháin den cheathrar liosta fadhbanna nó deacrachtaí le chéile a bheadh ag mac léinn agus é ag tosú sa Choláiste. Cuirfidh an péire eile liosta difriúil fadhbanna le chéile. Ansin caithfidh sibh comhairle a chur ar a chéile faoi ‘fhadhbanna’ a chéile.

Fadhbanna samplacha: Tá cead ag grúpa 1 na chéad trí cinn sa bhosca thíos a úsáid agus grúpa 2 an dara 3 cinn a úsáid. Seachas sin caithfidh sibh bhur gcuid fadhbanna féin a chumadh.

1. Ní maith liom m'ábhar agus ba mhaith liom athrú.	2. Níl leath go leor airgid agam don saol sa Choláiste.	3. Tá sé an-deacair cairde nua a dhéanamh anseo.
4. Cuireadh ag obair i ngrúpa mé i gcomhair tionscacaíl ach níl an bheirt eile sa ghrúpa ag déanamh aon obair.	5. Braithim nach maith le duine de na teagascóirí mé agus sílim go bhfuil tionchar aige sin ar mo chuid marcanna san obair leanúnach.	6. Tá post páirtaimseartha agam sa bhaile agus caithim dul abhaile gach deireadh seachtaine. Braithim nach bhfuilim ag glacadh páirt cheart i saol an Choláiste dá bharr.

Díospóireacht

Beidh tú ag obair i ngrúpa de cheathrar arís. Beidh beirt agaibh ag aontú le gach ráiteas thíos agus an bheirt eile ag easaontú le gach ceann.

Treoracha

- (a) Oibrígí i mbeirteanna ar dtús chun argóintí a fhorbairt do gach ráiteas.
- (b) Ansin tagadh an grúpa de cheathrar le chéile chun na ráitis a phlé. Caithfidh sibh cloí leis an dearcadh a tugadh daoibh (i bhfabhar nó i gcoinne).

Na ráitis

1. Tá saol an Choláiste i bhfad níos fearr ná saol na meánscoile.
2. Tá sé an-deacair an t-athrú a dhéanamh ón meánscoil go dtí an Coláiste.
3. Tá sé deacair taithí a fháil ar an bhfoghlaim neamhspleách toisc nach gcuirtear aon bhéim uirthi sa mheánscoil.
4. Tá seacht mbliana déag ró-óg le dul go dtí an Coláiste.
5. Is Coláiste an-mhaith é an ceann seo.

Iarphlé

Anois pléigí na ráitis arís, ach an uair seo tugaigí bhur dtuairimí féin fúthu.

An bhfuil sé deacair argóint a dhéanamh do rud nach n-aontaíonn tú leis go pearsanta?
Cén fáth?

Téipscript

Ag tús na bliana acadúla chuile bhliain bíonn deis ag mic léinn Choláiste Phádraig teacht chun cainte leis na Cinn Roinne sna hábhair éagsúla agus bhí mise ag bualadh le mic léinn ar an gcaoi seo le cúpla bliain anuas agus tá sé ana-shuimiúil go deo bualadh leo agus iad díreach tagtha isteach go dtí an Coláiste. Bíonn go leor ceisteanna acu. Baineann cuid mhaith de na ceisteanna le caighdeán an chúrsa agus le caighdeán a gcuid Gaeilge féin *so* tá mé tar éis mic léinn a chloisteáil ag rá rudaí ar nós ‘bhuel, fuair mé C san Ardteist ach an bhfuil mo chuid Gaeilge sách maith leis an gcúrsa acadúil a dhéanamh?’ Nó ‘tá B agam san Ardteist ceart go leor, ach níl mo Ghaeilge labhartha chomh maith sin’, nó ‘cloisim go bhfuil an-chuid daoine maithe ag déanamh na Gaeilge i gColáiste Phádraig agus an mbeidh mise maith go leor?’ Bíonn ceisteanna acu ansin freisin a bhaineann leis an gcúrsa – ‘an bhfuil an cúrsa cosúil le cúrsa na hArdteiste nó cad iad...cén sórt rudaí atá ar an gcúrsa’?. *So hmm* cloisim rudaí aisteacha b’fhéidir...uaireanta ansin, freisin i mbliana mar shampla, d’fhiafraigh duine amháin díom ‘má dhéanaim an Ghaeilge Ghairmiúil an gcaillfidh mé mo chuid Gaeilge?’ *So* bíonn ana-réimse ceisteanna, agus an rud is suimiúla ar fad dom is dócha ná go bhfeictear dom go mbíonn easpa muiníne ar na mic léinn – cé go bhfuil Gaeilge mhaith acu ní bhíonn siad chomh muiníneach sin as an méid atá acu.

So céard a deirim leo?

Bhuel deirim leo ar an gcéad dul síos go bhfuil gach uile dhuine acu atá anseo i gColáiste Phádraig maith go leor chun an Ghaeilge a dhéanamh. Ní bheidís anseo mura mbeadh. *Hmm* deirim leo chomh maith ar ndóigh go bhfuil saol na hOllscoile, saol an Choláiste anseo, difriúil le saol na hArdteiste, le saol na meánscoile, sa mhéid go gcaithfidh siad féin a bheith freagrach as a gcuid foghlama ar bhealach b’fhéidir nach gá nuair atá an múinteoir ag cur brú ort agus ag iarraidh ort ceachtanna baile a dhéanamh gach oíche nuair atá tú sa mheánscoil. Dá bhrí sin tá dúshlán ag baint leis an gcúrsa teanga anseo i gColáiste Phádraig le hais na hArdteiste. Tá rudaí atá difriúil agus caithfidh mic léinn a bheith sásta cuid den fhreagracht sin a ghlacadh maidir lena gcuid foghlama féin. An rud is tábhachtaí ar fad dóibh, a deirim leo, ná go mbeidís ag cleachtadh na scileanna éagsúla teanga go rialta. Má fhreastalaíonn siad go rialta agus go coinsiasach ar na léachtaí agus má dhéanann siad an obair a iarrann an léachtóir orthu a dhéanamh, má léann siad na píosaí atá le léamh, agus má éistean siad leis na píosaí a n-iarrtar orthu a bheith ag éisteacht leo, *hmm*, ní bheidh fadhb ar bith acu ach an obair a bheith á déanamh go leanúnach agus go rialta acu agus na scileanna éagsúla a bheith á gcleachtadh acu. Sin é an rud is tábhachtaí ar fad. Is go hiondúil imíonn siad agus iad níos sásta, *hmm*, iad ar a suaimhneas go n-éireoidh go maith leo agus ar ndóigh éiríonn go han-mhaith leo agus téann siad i dtaithí go héasca ar shaol an Choláiste.